Ref: 041503

# Ollscoil Mhá Nuad
# Maynooth University

## Roinn na Nua-Ghaeilge, Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara
## Scríbhneoir cónaithe

### An Ról

Iarrann Ollscoil Mhá Nuad agus Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara iarratais le haghaidh Scríbhneoir Cónaithe Gaeilge don bhliain acadúil 2026–27.

Beidh fáilte roimh iarratais ó scríbhneoirí a bhfuil réimse saothar ar ardchaighdeán foilsithe acu agus a bheadh inchurtha leis an ról seo atá cómhaoinithe ag Ollscoil Mhá Nuad agus Seirbhísí Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chill Dara. Mairfidh an tréimhse chónaitheachta ó Mheán Fómhair 2026 go dtí Lúnasa 2027, agus táthar ag súil go mbeidh dualgais suas le 6 uair an chloig, ar an meán, in aghaidh na seachtaine am teagmhála le mic léinn agus leis an bpobal i gcoitinne. Dearadh an ról chun deis a thabhairt do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne bheith ag plé le scríbhneoirí aitheanta, chomh maith le ham a thabhairt do na scríbhneoirí a dtionscadail reatha féin a chur chun cinn. Oirfidh an post do scríbhneoirí a bhíonn ag plé leis an bhfilíocht, an drámaíocht, nó leis an bprós cruthaitheach.

### Príomhdhualgais

Ní mór don té a cheapfar a bheith ar an gcampas nó i Leabharlanna Chill Dara timpeall dhá lá in aghaidh na seachtaine. Is ag obair ar a t(h)ograí féin a bheas an Scríbhneoir Cónaithe bunús an ama ach beidh dualgais áirithe eile i gceist. Múinfidh siad modúl ar an ‘Scríbhneoireacht Chruthaitheach’ i seimeastar an earraigh mar chuid den bhunchéim, agus beidh siad páirteach in imeachtaí áirithe de chuid Leabharlanna Chill Dara. Beifear ag súil, mar shampla, go nglacfaidh an té a cheapfar páirt i bhFéile Léitheoirí Chill Dara (Deireadh Fómhair), i bhFéile Ealaíon agus Eagna Mhaigh Nuad, agus i líon beag imeachtaí eile a bheas á reáchtáil ag Roinn na Nua-Ghaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, a bheas á bpoibliú trí na meáin shóisialta. Ós rud é gur cónaitheacht phoiblí í seo, ní mór don Scríbhneoir Cónaithe toilteanas a léiriú le bheith ina n-ionadaí ar an Ollscoil agus le bheith mar chuid de phobal na hOllscoile. Cuirfear spás oifige ar fáil don scríbhneoir ar champas Ollscoil Mhá Nuad.

## Iarrthóirí Incháilithe

**Le bheith incháilithe le hiarratas a dhéanamh, ní mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarratasóirí:**

**Riachtanach**
• Foilseacháin liteartha ar ardchaighdeán;
•Taithí ar bheith ag obair le mic léinn i gceardlanna chun obair chruthaitheach a spreagadh/ a éascú;
•Tiomantas do bheith rannpháirteach i saol phobal na hOllscoile agus na Seirbhísí Leabharlainne.

**Inmhianaithe**
• Taithí ar rannpháirtíocht leis an bpobal ag léamha agus imeachtaí oscailte eile;
• Taithí ar thimpeallacht acadúil.

Tuarastal €30,000, costais taistil san áireamh, don tréimhse dhá mhí dhéag, a bheas i gceist.

### Treoracha iarratais

**Dáta deiridh**: 23:30 (am na hÉireann) Dé Domhnaigh, **7 Meitheamh 2026.**

Ní mór iarratais a dhéanamh ar an bpost trínár d**Tairseach Earcaíochta ar Líne** ag an nasc seo a leanas: https://www.maynoothuniversity.ie/humanresources/vacancies
Chun iarratas a dhéanamh, ba chóir do scríbhneoirí Curriculum Vitae (suas le 3 leathanach) agus litir iarratais a chur isteach (suas le dhá leathanach), ina mbeidh:

- Cuntas ar conas a rachfaí i bhfeidhm ar mhic léinn, foireann agus pobal na hOllscoile, mar aon le cuntas ar thaithí ábhartha a thacódh le cur chuige mar sin;
- Ráiteas aon leathanaigh ón scríbhneoir ina gcuirfear síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcónaitheacht ar a c(h)leachtas cruthaitheach féin;

Caithfear iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am a shonraítear thuas. Cuirfear an córas ar ceal go huathoibríoch iarratais atá fós idir lámha ag am druite an fhógra ar an spriocl á.
Ní ghlacfar le hiarratais mhalla.

**Is fostóir comhdheiseanna é Ollscoil Mhá Nuad**
**Tá an post seo faoi réir Reachtanna na hOllscoile**